Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023
(OR. en)

16263/23

CDR 201

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún – Glacadh |

1. I litir dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2023[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Ufuk KÂHYA, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. I litir dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2023[2], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Marina Caroline STARMANS-GELIJNS, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh í.

3. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 14624/23.
[2] 14624/23.

4. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Ufuk KÂHYA, mhol Rialtas na hÍsiltíre [3]Guido Pascal RINK, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus é freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Wethouder gemeente Emmen* (Leasmhéara bhardas Emmen), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

5. Thairis sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Marina Caroline STARMANS-GELIJNS, mhol Rialtas na hÍsiltíre [4]Marina Caroline STARMANS-GELIJNS, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus í freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Burgemeester van de gemeente Etten-Leur* (Méara bhardas Etten-Leur), de bhun sainordú éagsúil, mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh mar a leagtar amach in 16262/23 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] 16261/23.
[4] 16261/23.